COLÁISTE EOIN

Polasaí maidir le Úsáid Inghlactha iPad

Déanann an doiciméad seo cur síos ar na freagrachtaí atá á ghlacadh ag daltaí Choláiste Eoin agus ag a gcaomhnóir(í) orthu féin nuair a bheartaíonn siad iPAD a úsáid ar scoil ar chúiseanna oideachasúla. Léigh an polasaí seo agus sínigh an fhoirm cheada chun a léiriú go n-aontaíonn tú leis an bpolasaí, le bhur dtoil.

Treoirlínte Bunúsacha

- Is ar chúiseanna oideachasúla amháin a cheadaítear an iPAD a úsáid i gColáiste Eoin . Is í aidhm an iPAD ná tacú le foghlaim sa tseomra ranga.

- Beidh daltaí an-chúramach agus iad ag úsáid an iPAD. Beidh daltaí freagrach as an iPAD i gcónaí. Is sa chás cosanta a iomprófar é agus beidh daltaí cúramach agus iad ag láimhseáil an táibléad.

- Ní cheadaítear do dhaltaí an iPAD a úsáid i rith am lóin nó i rith am sosa. Is gá go mbeadh an iPad faoi ghlasa chealtán nuair nach bhfuil sé in úsáid sa rang nó le linn tréimhse foghlama.

- Mar dhalta i gColáiste Eoin, glacfar leis go leanfaidh tú rialacha cóipchearta, go mbeidh meas agat ar eolas príobháideach agus go ndéanfaidh tú an t-eolas sin a chosaint, ach go háirithe eolas príobháideach agus eolas faoi iontaoibh a bhaineann le Coláiste Eoin.

- Is é an dalta a tugadh an iPAD dó a bheidh freagrach as úsáid inghlactha a bhaint as.

- Lasmuigh d'am scoile tá na tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar úsáid an iPad.

Úsáid Inghlactha

Leagann an phribhléid a bhaineann le húsáid acmhainní freagracht orthu siúd a bhaineann úsáid as na hacmhainní sin. Mar sin is gá do dhaltaí AGUS do thuismitheoirí an polasaí um úsáid tháibléid iniata a léamh agus an fhoirm ceada a shíniú. Má thagann aon cheist chun cinn nó má theastaíonn soiléiriú uait ar phointe ar bith, déan teagmháil le bainistíocht na scoile ROIMH an fhoirm cheada a shíniú más é do thoil é. Má bhaintear mí-úsáid as an líonra agus/nó an iPAD tiocfaidh na hiarmhairtí thíosluaite i bhfeidhm agus bainfear pribhléidí teicneolaíochta ón dalta.

Iompar nach bhfuil In-ghlactha (lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do na nithe a leanas):

1. An iPAD a úsáid i ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha, lena n-áirítear sárú cóipchirt nó conartha, chomh maith le híoslódáil a dhéanamh ar chomhaid mhí-oiriúnacha lena n-áirítear víris, cláir comhroinnte comhad, cláir bradaíola nó aon chineál comhaid mí-oiriúnach eile.

2. Díchumasú nó seachthreorú a dhéanamh ar chóras monatóireachta, scagtha nó slándála nó iarracht a dhéanamh na córais seo a díchumasú nó a seachthreorú.

3. Eolas pearsanta fút féin nó faoi dhuine eile a phostáil go leictreonach. (ar nós seoladh, uimhir fóin, grianghraif srl.)

4. Athrú a dhéanamh ar shonraíocht, ar chumraíocht ríomhaire, nó ar chomhaid a bhaineann le duine eile, comhaid líonra srianta a oscailt nó aon chineál eile loitiméireacht theicneolaíochta a dhéanamh go mailíseach.

5. Aon iompar atá neamhdhleathach de réir dlí na tíre nó de réir reachtaíocht áitiúil a léiriú.

6. Acmhainní a chur amú nó mí-úsáid a bhaint as acmhainní trí ró-úsáid bandaleithid nó trí úsáid neamhúdaraithe a bhaint as an gcóras TF (mar shampla, raidió idirlín, cearrbhachas ar líne, íoslódáil comhaid meán)

7. Ní cheadaítear a chárta SIM féin a bheith ag iPad agus tá cosc iomlán ar cheangal an iPad le ‘spota te’ ar fhón póca nó a leithéid.

Iarmhairtí:

Féadfaidh fionraí nó foircheannadh pribhléidí teicneolaíochta mar aon le gníomhartha araíonachta féidearthachta eile bheith ina n-iarmhairtí mura gcomhlíontar téarmaí an pholasaí seo.

Comhoibríonn Coláiste Eoin go hiomlán le hoifigí áitiúla agus stáit nó leis an nGarda Síochána in aon imscrúdú maidir le sárú dlíthe coiriúla ríomhaireachta agus teicneolaíochta faisnéise. Féadfar inneachar líonra agus teagmháil ríomhphoist a iarraidh go dleathach agus a chur ar fáil do na húdaráis chuí mar fhianaise den chineál seo coire.

Athbhreithniú:

Beidh bailíocht ag baint leis an bpolasaí seo go dtí go mbíonn fógra eile ó Choláiste Eoin nó go dtí go ndéantar uasdátú nó athrú air.

Aguisín 1: Rialacha Ranga

1. Níl cead ag daltaí aon chineál aipeanna meáin shóisialta a bheith acu ar an iPad ar scoil ach amháin má cheadaíonn múinteoir ar leith iad ar chúiseanna oideachasúla. San áireamh anseo tá: Snapchat, Instagram, Facebook, Viber, What's App, Twitter. Is faoi dhiscréid tuismitheoirí a cheadaítear cluichí nó grianghraif a bheith ar an iPad.

2. Níl cead ag daltaí an iPad a úsáid seachas sa seomra ranga agus le cead an mhúinteora.

3. Níl cead an iPad a thabhairt chuig imeachtaí eischuraclama, chuig cluichí nó ar thurais &rl mura mbíonn a mhalairt ráite ag an múinteoir.

4. Níl cead ag daltaí ceamara an iPAD a úsáid gan chead an mhúinteora.

5. Caithfear an iPad a fhágáil cothrománach ar bhinse an dalta agus faoi ghlas agus clúdaithe mura mbíonn a mhalairt ráite ag an múinteoir.

6. Má chreideann múinteoir go bhfuil dalta ag baint mí-úsáide as an iPad iarrfaidh an múinteoir ar an dalta an iPad a thabhairt dó/di. Sa chás seo is gá don dalta an iPad a thabhairt don mhúinteoir láithreach. Forchoimeádann Coláiste Eoin an ceart a bhfuil ar an iPad a scrúdú.

7. Tiocfaidh na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm má dhéanann dalta dearmad ar an iPad nó mura bhfuil an iPad luchtaithe acu.

8. Tiocfaidh na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm má bhíonn aon dalta ag seoladh teachtaireachta nó ar shuíomh mí-oiriúnach i rith an ranga.

9. Déanfaidh na múinteoirí, na Múinteoirí Ranga agus na Bliainmhúinteoirí seiceáil fánach agus rialta ar an iPad.

<u>Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí seiceáil rialta a dhéanamh ar an iPad sa bhaile freisin.</u>

Tiocfaidh na smachtbhannaí seo a leanas i bhfeidhm má sháraíonn daltaí na rialacha thuasluaite:

Céim 1: Labhróidh an múinteoir ábhair leis an dalta. Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas.

Céim 2: Labhróidh an Múinteoir Ranga leis an dalta. Déanfaidh an dalta uair an chloig coinneáil siar. Cuirfear na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas.

Céim 3: Labhróidh an Bliainmhúinteoir leis an dalta. Déanfaidh an dalta dhá uair an chloig coinneáil siar. Beidh cruinniú ag na tuismitheoirí/caomhnóirí leis an mBliainmhúinteoir. Is féidir le tuismitheoirí i gcomhpháirt le Bliainmhúinteoir srian a chur ar úsáid an iPad ag dalta agus cluichí nó a leithéid a bhaint den iPad ar feadh tréimhse a aontaítear eatarthu.

Céim 4: Labhróidh an Príomhoide Tánaisteach leis an dalta. Cuirfear fionraí lae ar an dalta. Beidh cruinniú ag na tuismitheoirí/caomhnóirí leis an bPríomhoide Tánaisteach.

Céim 5: Má leanann an fhadhb pléifear an cás ag leibhéal bainistíochta na scoile.